RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/79 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2021

maidir le neamh-fhormheas na substainte gníomhaí tópramasón, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 80(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, tá feidhm ag Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([2]) maidir leis an nós imeachta agus na coinníollacha le haghaidh formheas substaintí gníomhacha a bhfuil cinneadh glactha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir sin, roimh an 14 Meitheamh 2011. An 9 Nollaig 2003, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2003/850/CE ([3]) maidir leis an tsubstaint ghníomhach tópramasón (ar a dtugtaí BAS 670H roimhe seo) i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir 91/414/CEE.

(2) An 12 Bealtaine 2003, rinne BASF Aktiengesellschaft (BASF SE a thugtar anois air) iarratas maidir le tópramasón a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE a chur faoi bhráid na Fraince i gcomhréir le hAirteagal 6(2) den Treoir sin. Deimhníodh i gCinneadh 2003/850/CE gur chomhlíon an sainchomhad, i bprionsabal, na ceanglais sonraí agus faisnéise atá in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Treoir 91/414/CEE.

(3) Rinneadh an measúnú ar éifeachtaí tópramasóin ar shláinte daoine agus ainmhithe agus ar an gcomhshaol i dtaca leis na húsáidí a bheartaigh an t-iarratasóir a chur i gcrích i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 6(2) agus (4) de Threoir 91/414/CEE. Chuir an Fhrainc dréacht-tuarascáil mheasúnachta faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") an 21 Iúil 2006.

(4) D'athbhreithnigh na Ballstáit agus an tÚdarás an dréacht-tuarascáil mheasúnachta. Chuir an tÚdarás a chonclúid ([4]) maidir leis an measúnú riosca le haghaidh lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach tópramasón faoi bhráid an Choimisiúin an 13 Eanáir 2014.

(5) Trí bhíthin litir dar dáta an 29 Meitheamh 2020, tharraing BASF SE a iarratas ar fhormheas tópramasóin siar.

(6) Mar gur tarraingíodh siar an t-iarratas, níor cheart tópramasón a fhormheas.

(7) Leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc ar iarratas eile a chur isteach maidir leis an tsubstaint ghníomhach tópramasón de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

([3]) Cinneadh 2003/850/CE ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2003 lena n-aithnítear i bprionsabal iomláine na sainchomhad a cuireadh isteach le haghaidh mionscrúdú i dtaca leis an bhféidearthacht BAS 670H agus airgead tiasulfáite a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 322, 9.12.2003, lch. 28).

([4]) an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, 2014. Conclúid maidir le hathbhreithniú piaraí an mheasúnaithe riosca le haghaidh lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach tópramasón. Irisleabhar EFSA 2014;12(2):3540, 82 pp. doi:10.2903/j.efsa.2014.3540.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Neamh-fhormheas na substainte gníomhaí

Ní fhormheastar an tsubstaint ghníomhach tópramasón.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN